## Bileog – Scileanna diúltaithe

Cuimhnigh go bhfuilimid go léir difriúil agus go mb’fhéidir nach n-oibreoidh an rud a oibríonn do dhuine amháin do dhaoine eile. Téigh siar ar an liosta seo agus roghnaigh cúpla moladh a mbeifeá compordach á n-úsáid. Déan iad a chleachtadh le do theaghlach le héirí níos muiníní!

| | Cad atá le déanamh | Conas é a dhéanamh | Samplaí |
|---|---|---|---|
|   | **Abair “Níl go raibh maith agat!”** | Labhair go socair agus go muiníneach.<br>Ná bíodh leisce ort ach labhair go soiléir agus go daingean. | “Go raibh maith agat, ach tá mé i gceart. Ní domsa é sin.” “Ní bhacaim leis sin.” |
|   | **Cum cúis nó leithscéal** | Cum cúis ghearr; níl ort an iomarca a mhíniú nó leithscéal a ghabháil.<br>Aontaigh ar fhocal sábháilte le tuismitheoir/siblín níos sine, focal is féidir a sheoladh chucu ionas go gcuirfidh siad glaoch ort le dul abhaile. | Mharódh mo thuismitheoirí mé!”<br>“Sheol Mam téacs chugam: tá brón orm, caithfidh mé imeacht, tá lámh chúnta uaithi sa bhaile.” |
|  | **Comhar-thaíocht choirp** | Bí aireach ar do staidiúir agus ar do sheasamh.<br>Seas go hard agus go muiníneach.<br>Déan teagmháil súl. | Seas suas díreach agus déan iarracht cuma shuaimhneach chairdiúil a chur ort féin.<br>Déan teagmháil súl.<br>Scaoil le do lámha agus fág ag taobh do choirp iad. |
|  | **Athraigh an t-ábhar** | Mol rud éigin eile a dhéanamh nó déan iarracht aird na ndaoine a dhíriú ar rud éigin eile. | “Níor mhaith liom sin a dhéanamh, ach ba bhreá liom rud éigin a ithe!”<br>“Fan go bhfeicimid an bhfuil na daoine eile anseo fós.”<br>“An rachaimid isteach go bhfeicfimid an bhfuil an ceol tosaithe?” |
|  | **Bain úsáid as greann** | Déan beag is fiú den chás. Cabhraíonn an greann leis seo. | “Táim i gceart, go raibh maith agat; cuireann sé sin srian ar d’fhás!” |
|   | **Seinn an port céanna** | Abair an rud céanna arís agus arís eile, ná déan dearmad labhair go socair agus go muiníneach. | “Táim i gceart go raibh maith agat, níl sé ag teastáil uaim.’’<br>“B’fhéidir nár chuala tú mé: Dúirt mé go bhfuilim i gceart go raibh maith agat!’’ |
|  | **Bailigh leat** | Má tú tar éis triail a bhaint as gach rud, tá sé chomh maith agat bailiú leat. | Bog i dtreo daoine a bhfuil tú níos compordaí leo. |
| **Cuir do chuid moltaí féin isteach!** | | | |